


Ealaíontóir: **Patrick Scott**

Teideal: **Berkeley**

Dáta: **1967**

Meán: **Taipéis V'Soske**

Rugadh Scott i gCill Briotáin, Co. Chorcaí, 1921. Bhásaigh sé i mBaile Átha Cliath, 2014.

Fuair Scott oiliúint ar dtús mar ailtire agus bhí sé ina pháirtí sa chuideachta iomráiteach ailtireachta Éireannach, Scott Tallon Walker. Ealaíontóir díograiseach a bhí ann chomh maith. Chuir an 'White Stag Group' saothar dá chuid ar taispeáint chomh fada siar le 1941 agus is i ngailearaí an ghrúpa sin a bhí an chéad seó aonair aige sa bhliain 1946. Faoi 1960, bhí sé ina ealaíontóir lánaimseartha agus bhain sé clú agus cáil amach. Taispeánadh saothar dá chuid ag an *Biennale* sa Veinéis ar son na hÉireann an bhliain chéanna.

D'oibrigh sé i gcomhar le fíodóir mór le rá de chuid na Fraince, Francois Tabard, idir na blianta 1966 agus 1979. Sa bhliain 1972 rinne sé ceann dá chuid sárshaothar, *Blaze*, a bhí mar chuid de Bhailiúchán Bhanc na hÉireann tráth. Le linn a shaoil bhí sé ina dhearthóir teicstíle do Brown Thomas, ina dhearthóir cairpéad do Kilkenny Design Workshops, agus ina dhearthóir grafaice do Choras Iompair Éireann. Cé go raibh aithne go forleathan air as loime a chuid ábhair - b'fhearr leis dathanna monacrómatacha, cruthanna geoiméadracha agus órdhuille a úsáid - tá pailéad níos bríomhaire le brath i dtáipéisí Scott, mar atá le feiceáil sa táipeis i Leabharlann Berkeley. Tá tréithe an mhachnaimh agus an Zen ag rith lena shaothar ar fad. An ciorcal agus an chearnóg na bunchruthanna is coitianta aige, go háirithe ina chuid péintéireachta. Sa bhliain 1964 thosaigh an t-ealaíontóir ag úsáid órdhuille agus pallaidiam (airgead) chomh maith, rud atá ceangailte go dlúth lena chuid péinteálacha. Tá an bhéim leanúnach a leag sé ar an gciorcal ar cheann de na tréithe is suntasaí de ghairmréim Scott; go deimhin, luaitear go seasann seisean fód an chiorcail chomh tréan agus a sheasann Albers fód na cearnóige.

Ba é Paul Koralek (Ahrends Burton Koralek), Ailtire Leabharlann Berkeley, a rinne coimisiúnú ar an táipéis seo le bheith mar ghné lárnach de dhearadh an fhoirgnimh, agus tá sí ar taispeáint ar an láthair sin ó insealbhú na Leabharlainne i mí Lúnasa 1967.

Tá tuilleadh eolais maidir le Bailiúcháin Ealaíne Choláiste na Tríonóide le fáil ag
www.tcd.ie/artcollections